An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Ainm carthanais a roghnú

Treoirdhoiciméad

Clár Ábhar

Cad a mhínítear sa treoir? 3

Seicliosta le haghaidh ainm a roghnú 4

Iarratas a dhéanamh ar thoiliú an Rialálaí Carthanas 8

Tuilleadh faisnéise agus treorach 9

Cad a mhínítear sa treoir?

Tá rialacha ann nach mór a leanúint agus ainm carthanais á roghnú. Sa treoir seo, mínítear na rialacha sin, cén fáth ar ann dóibh agus cad is gá duit a bhreithniú.

Cad a shonraítear sa dlí

Le hainm carthanais, cabhraítear le deontóirí agus tairbhithe an carthanas a shainaithint agus é a aithint ó charthanais eile.

Leagtar síos san Acht Carthanas 2009 (an tAcht) rialacha áirithe nach mór do charthanais a leanúint agus ainm a gcarthanais á roghnú nó á athrú acu. Ní inghlactha atá ainmneacha áirithe. Mar shampla, de réir an dlí:

- ✓ Ní ceadmhach d'ainm a bheith díreach mar an gcéanna le hainm carthanais reatha ná a bheith an-chosúil le hainm carthanais reatha
- ✓ Ní ceadmhach d'ainm daoine a chur ar míthreoir maidir le cuspóir(í) nó gníomhaíochtaí an charthanais
- ✓ Ní ceadmhach d'ainm a thabhairt ar dhaoine a chreidiúint, agus dul amú orthu, go bhfuil baint ag an gcarthanas leis an Rialtas, le húdarás áitiúil nó le comhlacht eile nach bhfuil aon bhaint aige leis i ndáiríre
- ✓ Ní ceadmhach d'ainm múisiam a chur ar dhuine réasúnach

Sula n-athróidh siad a n-ainm, ní mór do charthanais toiliú a fháil ón Rialálaí Carthanas. Is cion é ainm carthanais a athrú gan toiliú an Rialálaí Carthanas a lorg ar dtús.

Mura gcomhlíonann ainm atá beartaithe na rialacha, ní mór don Rialálaí Carthanas diúltú toiliú a thabhairt é a athrú.

Seicliosta le haghaidh ainm a roghnú

An bhfuil an t-ainm díreach mar an gcéanna le hainm carthanais reatha nó an bhfuil sé an-chosúil le hainm carthanais reatha?

Ní fhéadfaidh an t-ainm a bheith díreach mar an gcéanna ná róchosúil leis an ainm atá ar charthanas eile. Mar shampla, ní ceadmhach duit ainm a roghnú:

- A úsáideann na focail chéanna leo sin atá in ainm eile, fiú amháin i gcás go bhfuil na focail sin in ord difriúil
- A úsáideann giorrúcháin de na focail chéanna leo sin atá in ainm carthanais eile nó litrithe difriúla ar na focail sin
- Atá díreach mar an gcéanna le hainm carthanais reatha, fiú amháin i gcás go bhfuil an t-ainm i dteanga eile

Sampla*

An t-ainm atá beartaithe:	An Chónaidhm um Beatha Mhuirí
Carthanas reatha:	An Chónaidhm Beatha Muirí ✗
An gceadófaí an t-ainm seo?	Ní cheadófaí, toisc go n-úsáideann an t-ainm atá beartaithe na focail chéanna leo sin atá in ainm carthanais reatha, cé go bhfuil siad in ord difriúil, agus toisc go bhfuil sé róchosúil le hainm carthanais eile
An t-ainm atá beartaithe:	An Club Óige do Leanaí
Carthanas reatha:	Club Óige na Leanaí ✗
An gceadófaí an t-ainm seo?	Ní cheadófaí, toisc go n-úsáideann an t-ainm atá beartaithe litriú atá beagáinín difriúil le hainm carthanais reatha agus toisc go bhfuil sé róchosúil le hainm carthanais eile
An t-ainm atá beartaithe:	An Carthanas um Chúnamh Bia
Carthanas reatha:	The Food Assistance Charity ✗
An gceadófaí an t-ainm seo?	Ní cheadófaí, toisc gur aistriúchán Béarla ar ainm carthanais reatha é an t-ainm atá beartaithe agus toisc go bhfuil sé róchosúil le hainm carthanais eile

*Ciallaíonn ainm atá beartaithe an t-ainm atá beartaithe do charthanas, agus ciallaíonn ainm reatha an t-ainm atá ar charthanas reatha

Is féidir leat an Clár Carthanas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil an t-ainm a bhfuil sé beartaithe ag do charthanas é a úsáid díreach mar an gcéanna ná róchosúil le hainm carthanais eile.

An bhféadfadh an t-ainm daoine a chur ar míthreoir maidir le cuspóir(í) nó gníomhaíochtaí an charthanais?

Ní ceadmhach don ainm a roghnóidh tú do do charthanas daoine den phobal a chur ar míthreoir maidir le cuspóirí an charthanais ná maidir leis na gníomhaíochtaí a sheolann sé nó a bhfuil sé beartaithe aige iad a sheoladh. Ní ceadmhach duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Bréagléiriú a thabhairt ar chuspóir do charthanais**

Sampla

Carthanas a bunaíodh chun fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna in Éirinn trí thearmann asal a sholáthar, tá sé beartaithe aige an Tearmann Asal atá Inchothaithe ó thaobh an Chomhshaoil de a ghairm de féin. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht a bheith níos inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de trí úsáid a bhaint as beatha orgánach, agus beatha orgánach amháin. Is é an cuspóir atá ag an eagraíocht, áfach, fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna, seachas inchothaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn. Tá seans ann go dtabharfaidh an t-ainm bréagléiriú ar chuspóir an charthanais, agus dhiúltófaí don ainm sin.

- **A thabhairt le tuiscint go soláthraíonn do charthanas gníomhaíochtaí nach soláthraíonn sé i ndáiríre iad**

Sampla

Carthanas a bunaíodh chun ranganna ealaíne saor in aisce a sholáthar i Luimneach, tá sé beartaithe aige Carthanas Ealaíne agus Ceoil Luimnigh a ghairm de féin. Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe ag an gcarthanas seirbhísí ceoil a sholáthar, thabharfadh an t-ainm le tuiscint go soláthraíonn sé gníomhaíochtaí nach soláthraíonn sé i ndáiríre iad, agus dhiúltófaí don ainm.

An bhféadfadh an t-ainm a thabhairt ar dhaoine a chreidiúint, agus dul amú orthu, go bhfuil baint ag an gcarthanas leis an Rialtas, le húdarás áitiúil nó le comhlacht eile?

Ní féidir leis an ainm a roghnóidh tú do do charthanas a thabhairt le tuiscint go bhfuil baint aige leis an Rialtas, le húdaráis áitiúla nó le comhlachtaí eile mura bhfuil aon bhaint aige leo i ndáiríre.

Tá baint ag roinnt carthanas cláraithe le ranna rialtais nó údaráis áitiúla ar leith. Ceadaítear le dlí dóibh a n-ainm bunaidh a úsáid toisc gur bunaíodh faoi reachtaíocht shonrach iad, amhail Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ní mór do gach carthanas eile na rialacha a leanúint, fiú amháin i gcás go bhfaigheann siad cistiú ón Rialtas.

Agus sinn ag déanamh cinneadh ar iarratas ar eagraíocht a chlárú nó ar iarraidh ar ainm carthanais reatha a athrú, déanaimid breithniú ar roinnt tosca a bhaineann leis an ainm atá beartaithe.

An gcuimsíonn an t-ainm aon fhocail a d'fhéadfadh a thabhairt ar dhuine talamh slán a dhéanamh de go bhfuil baint ag an gcarthanas leis an Rialtas?

Áirítear leo sin, mar shampla focail amhail 'Éireannach', 'Éire', 'na hÉireann', 'Oifig', 'Bord', 'Comhairle', 'Coimisiún', 'Poiblí', 'Náisiúnta', 'Rialtas', 'Gníomhaireacht', 'Clár', agus 'Feachtas'.

Níl iontu sin ach samplaí. Tá seans ann go mbeidh sé inghlactha an focal 'Éireannach' a úsáid in ainm carthanais i gcásanna áirithe, ach beidh sé sin ag brath ar ghníomhaíochtaí an charthanais agus ar an dóigh a n-úsáidtear an focal.

Sampla

Cé gur féidir go nglacfar leis an ainm 'Ceoltóirí Éireannacha ar son an Chomhshaoil', tá seans ann nach inghlactha a bheidh an t-ainm 'An Chomhairle Éireannach ar son an Chomhshaoil'.

An gcuimsíonn an t-ainm aon fhocail a d'fhéadfadh a thabhairt ar dhuine talamh slán a dhéanamh de go bhfuil baint ag an gcarthanas le húdarás áitiúil?

An úsáideann sé an t-ainm atá ar chontae, ar chathair, ar bhaile, ar shráidbhaile nó ar limistéar, i dteannta focail a bhaineann le comhlacht rialtais, amhail 'gníomhaireacht', 'comhairle' nó 'clár'?

Sampla

Cé gur féidir go nglacfar leis an ainm 'Banc Bia na hIarmhí', tá seans ann nach inghlactha a bheidh an t-ainm 'Gníomhaireacht Bia na hIarmhí'.

An gcuimsíonn an t-ainm aon fhocail a bhfuil ceangal coiteann acu le carthanas, le cuideachta nó le comhlacht eile?

Má chuimsíonn, d'fhéadfadh sé sin a thabhairt ar dhaoine a cheapadh go bhfuil an carthanas nasctha leis an eintiteas eile sin nuair nach mar sin atá.

Sampla

Má chuireann tú an t-ainm atá ar shraith cháiliúil ollmhargaí ar áireamh in ainm do charthanais, d'fhéadfadh sé sin ceangal a chruthú idir do charthanas agus cuideachta nach bhfuil aon bhaint agat léi i ndáiríre.

An bhféadfadh an t-ainm múisiam a chur ar dhuine réasúnach?

Ní ceadmhach d'ainmneacha carthanais múisiam a chur ar dhuine réasúnach. Agus ainm á roghnú agat, ní fhéadfaidh tú úsáid a bhaint as téarmaí a mheastar a bheith ciníoch, gnéasaíoch, graosta nó dímheasúil nó a thugann le tuiscint go bhfuil gráin agat ar chuid ar leith den tsochaí. Áirítear acrainmneacha gránna leo sin freisin.

Tosca eile

Ba cheart foirm dhlíthiúil do charthanais a bheith léirithe go cruinn i d'ainm. Mar shampla, más cuideachta nó cumann é do charthanas, níor cheart an focal 'iontaobhas' a bheith ina ainm. De réir an Achta, is cineál sonrach foirme dlíthiúla é iontaobhas.

Is ann do rialacháin eile lena rialaítear úsáid ainmneacha agus trádmharcanna in Éirinn, agus ba cheart do charthanais comhairle neamhspleách a lorg mura bhfuil siad cinnte faoi cé acu a cheadófaí nó nach gceadófaí a n-ainm.

Iarmhíreanna cuideachta a bhaint d'ainm carthanais

Féadfaidh cineálacha áirithe cuideachtaí iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar an ainmniúchán 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' nó 'Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe' a bhaint dá n-ainm.

Ní mór duit iarratas ar thoiliú a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas ar dtús agus an próiseas riachtanach a chríochnú tríd an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ansin. Tá tuilleadh treorach ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Ainmneacha trádála

Tá ainm trádála – ar a dtugtar ainm gnó freisin – ar roinnt carthanas. Tá an t-ainm sin difriúil leis an ainm atá orthu ar an gClár Carthanas. Má tá ainm trádála ar do charthanas, ní mór duit an Rialálaí Carthanas a chur ar an eolas faoi sin.

Is féidir leat é sin a dhéanamh ar dhá bhealach:

1. Mura ndearna tú iarratas chun an eagraíocht a chlárú leis an Rialálaí Carthanas go fóill, is féidir leat sinn a chur ar an eolas faoin ainm trádála tríd an bhfoirm iarratais ar Chlárú.

2. Má tá d'eagraíocht cláraithe cheana féin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn trí 'Mo Chuntas' chun a iarraidh go gcuirfí a hainm trádála leis an gClár.

Tabhair faoi deara gurb ionann na rialacha a úsáidimid chun ainmneacha trádála a mheasúnú agus iad sin a úsáidimid chun ainmneacha carthanais a mheasúnú.

Nuair a bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014, bhí uimhir charthanais ó na Coimisinéirí Ioncaim ina seilbh ag a lán eagraíochtaí cheana féin. De réir alt 40 den Acht, cláraíodh na heagraíochtaí sin go huathoibríoch mar charthanais, agus cuireadh ar áireamh ar an gClár Carthanas iad. Tugtar carthanais alt 40 ar na carthanais sin. I gcásanna áirithe, úsáideann ainmneacha na gcarthanas sin focail ar bhealaí nach gceadófaí iad dá ndéanfadh siad iarratas ar chlárú faoin Acht. Má tá aon cheann de na carthanais sin ag iarraidh a n-ainm a athrú, áfach, ní mór dóibh ceanglais an Achta a leanúint agus ceadú a fháil ón Rialálaí Carthanas.

Iarratas a dhéanamh ar thoiliú an Rialálaí Carthanas

Ceadaíonn an Rialálaí Carthanas ainm carthanais faoi dhá imthoisc: nuair atá an carthanas á chlárú; agus nuair a athraíonn an carthanas a ainm.

Carthanas nua a chlárú

Agus iarratas á dhéanamh ar eagraíocht charthanúil a chlárú, breithníonn an Rialálaí Carthanas an t-ainm atá beartaithe don charthanas mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Ainm do charthanais a athrú

Is cion é ainm carthanais a athrú gan toiliú an Rialálaí Carthanas, agus is féidir go mbainfear do charthanas den Chlár dá dheasca sin. Má chinneann do charthanas a ainm a athrú, ní mór duit roinnt céimeanna a leanúint sula n-athrófar an t-ainm.

1. An fhoirm um athrú ainm a chomhlánú: Comhlánaigh agus cuir isteach an fhoirm um Athrú Ainm atá ar fáil trí 'Mo Chuntas', ár dtairseach ar líne.
2. An t-ainm a mheasúnú agus toiliú a thabhairt nó diúltú toiliú a thabhairt: Déanfaimid measúnú ar d'iarraidh ar athrú ainm.
    a. Más rud é go dtoileoimid leis an athrú ainm, cuirfimid thú ar an eolas faoi sin agus ordóimid duit gníomhartha áirithe a dhéanamh.
    b. Más rud é go ndiúltóimid don athrú ainm, cuirfimid thú ar an eolas faoi sin, agus féadfaidh tú achomharc in aghaidh an chinnidh uainn a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Charthanais.
3. Aighneacht deiridh: Seol cóip de do bhunreacht ina bhfuil an t-ainm nua agus cruthúnas ar an athrú, amhail Rún Speisialta a taisceadh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó miontuairiscí ar an gcruinniú ag ar glacadh an t-ainm. Nuashonróimid an Clár ansin.

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas clárúcháin sna Treoirlínte Clárúcháin uainn.

Ní phróiseálfar d'fhoirm agus seolfar ar ais chugat í i gcás go mbeidh ceachtar de na nithe seo a leanas fíor maidir le do charthanas:

1. Níl tú cothrom le dáta le do thuarascálacha bliantúla. Déan cinnte de go bhfuil do thuarascáil bhliantúil curtha faoinár mbráid sula gcuirfidh tú d'fhoirm um athrú ainm isteach.
2. Níl leagan cothrom le dáta de do bhunreacht ag an Rialálaí Carthanas.

Is féidir leat cóip de do bhunreacht a chur isteach tríd an bhfoirm seo a leanas a úsáid: Foirm um Bunreacht a Chur Isteach / Do Chuspóirí Carthanúla a Nuashonrú. Tá an bunreacht ina dhoiciméad bunúsach lena gcinntítear go gcomhlíonann carthanas an tAcht agus lena dtacaítear le dea-rialachas carthanais. Is faoi charthanas atá sé a chinntiú go bhfuil a bhunreacht cuí agus cothrom le dáta agus go gcomhlíonann sé ceanglais an Achta.

Tuilleadh faisnéise agus treorach

Tá raon treorach d'eagraíochtaí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas. Áirítear leis sin tuilleadh faisnéise ina mínítear cad is carthanas ann faoi dhlí na hÉireann, mar aon le rannáin thiomnaithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar charthanas a chlárú agus maidir leis an gClár Carthanas a nuashonrú.

An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Ainm carthanais a roghnú – Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2024